2026/1109

26.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1109 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Bealtaine 2026

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le glútaraildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1759 ón gCoimisiún ([2]), formheasadh glútaraildéad mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) An formheas maidir le glútaraildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 ('an formheas'), rachaidh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2026. An 25 Márta agus an 26 Márta 2025 cuireadh isteach iarratais i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le glútaraildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 ('na hiarratais').

(3) An 1 Iúil 2025, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fionlainne an Coimisiún ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, tá sí le tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) An 20 Feabhra 2026, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an Coimisiún ar an eolas go bhfuil moill ar an meastóireacht. Tá baint ag an moill sin leis an measúnú ar shonraí a bhaineann le hairíonna (éicea)tocsaineolaíocha glútaraildéid. Tá coinne ag an údarás inniúil meastóireachta leis go gcuirfidh sé an tuarascáil ar an measúnú ar athnuachan faoi bhráid na Gníomhaireachta sa tríú ráithe de 2027.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1759 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2015 lena bhformheastar glútaraildéad mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirge 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 (IO L 257, 2.10.2015, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1759/oj).

(7) Dá bhrí sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is dócha go rachaidh an formheas in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir an scrúdú ar na hiarratais a dhéanamh. Agus an bhailchríoch a mheastar a chuirfidh an t-údarás inniúil meastóireachta ar an meastóireacht á cur san áireamh, mar aon leis an teorainn ama faoina ndéanfaidh an Ghníomhaireacht a tuairimí a ullmhú agus a chur isteach, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le glútaraildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Márta 2029.

(8) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh glútaraildéad formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1759,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le glútaraildéad lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 3, 4, 6, 11 agus 12 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1759, cuirtear ar atráth go dtí an 31 Márta 2029 é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN